



Provided by the author(s) and NUI Galway in accordance with publisher policies. Please cite the published version when available.

Title	Tráthnóna beag aréir
Author(s)	Ó Laoire, Lillis
Publication Date	2016-04
Publication Information	Lillis Ó Laoire (2016) 'Tráthnóna Beag Aréir' In: John Walsh, Peadar Ó Muircheartaigh(Eds.). Ag Siúl an Bhealaigh Mhóir: Aistí in Ómós do Nollaig Mac Congáil. Dublin : LeabhairComhar.
Publisher	LeabhairComhar
Link to publisher's version	http://www.iriscomhar.com/details.php?ID=78
Item record	http://hdl.handle.net/10379/5830

Downloaded 2017-10-30T17:25:35Z

Some rights reserved. For more information, please see the item record link above.



Comment [m1]: Mholfaínn ábhar nóta 1 seo a chur (b'fhéidir i gcló níos lú) i ndeireadh na haiste ar fad, ó nach nós inmholta é uimhir thagartha a bheith le teideal ailt. Bheadh uimhriú na nótaí le hathrúsa chás sin.

Tá cáil ar Shéamus Ó Grianna mar dhuine de na scríbhneoirí próis is torthúla dar chuir peann ar pár le linn ré na hAthbheochana ó 1882 i leith. Ní cáil bhréige í sin. Is léir ó *Clár Saothair* a chuir Nollaig Mac Congáil le chéile gur shaothraigh Máire mórán cineálacha scríbhneoireachta éagsúla go bisiúil le linn a shaoil fhada (Mac Congáil 1990). Ina dhiaidh sin féin, is beag staidéar a dhéantar ar an saothar sin sa lá inniu ar chúrsaí ollscoile, mura ndéantar é i sainchúrsaí atá dírithe ar litríocht Chúige Uladh. Tugann Alan Titley breith mheáite ar úrscéalta Mháire, á chur ina leith, seachas *Bean Ruadh de Dhálach* (1966), gur saothair iad a leanann foirmle chomh daingean do athraithe sin nár éirigh le Máire dul thairsti riamh (Titley 1991: 56-57, 88-89). Le gairid, mar sin féin, tá tús déanta ar athmheasúnú a dhéanamh ar shaothar Mháire agus más mall is mithid (Nic Eoin, 2005: 177-180; Groszewski, *Meán-Fómhair/Deireadh* 2013). Ó tharla corpas a shaothair a bheith ar fáil trí thagairt a dhéanamh do *Clár Saothair*, ba mhaith ab fhiú do ghlúin úr scoláirí aithne eile a chur ar scríbhneoireacht Mháire.

Tá cúiseanna leis an neamart a rinneadh ina shaothar. Bhí Máire thar a bheith searbhasach i mórán dá chuid iriseoireachta, agus bhí tuairimí láidre dolúbtha aige faoina raibh i gceist le rath chúis na Gaeilge. Níor staon sé de bheith á gcáineadh siúd ar shíl sé nach raibh an teanga ar a dtail acu ach oiread (O'Leary 2004: 23-24 et passim, O'Leary 2011: 34-35). Rud eile a chuireann léitheoirí an lae inniu ina choinne go bhfuil go leor dá chuid saothair bunaithe faoin tuath agus laigí ann ó thaobh ábhair agus cur i láthair mar atá ráite ag Titley agus daoine eile (Titley 1991: 56-57, 88-89; O'Leary, 2010: 126-127). B'fhéidir gurbh é a thacaíocht don LFM i ndeireadh a shaoil i seascaidí na haoise seo a chuaigh thart is mó a tharraing corraí lucht na Gaeilge air agus seans gur chuidigh sé sin fosta leis an fhaillí a rinneadh ina shaothar (Mac Congáil 2001), cé nach raibh ann ach 'suanbhall' (Rowland 2014: 27), nár ghlac páirt san fheachtas diomaite de na litreacha a scríobh sé. Ina dhiaidh sin, d'ainneoin na lochtanna atá le fáil air, is ábhar iontais é go ndéanfaí faillí i scríbhneoir a tháirg an oiread sin agus ina bhfuil le rá aige. Is fíor sin go háirithe ó mhol Niall Ó Dónaill agus Máirtín Ó Cadhain é go háirithe as an tsaothrú a rinne sé ar an teanga, agus mar a d'éirigh leis stíl liteartha a bhí fuinte greanta a fháisceadh as caint bheo na Gaeltachta (Breathnach agus Ní Mhurchú www.ainm.ie). Déanfar iarracht san aiste seo dul amach ar shaothar amháin de chuid an

Ghriannaigh, an t-amhrán ‘Tráthnóna Beag Aréir,’ ceann a bhfuil meas i gcónaí air. Tabharfar cuntas ar an dóigh a dtáinig ann don amhrán sin agus ar na saothair a raibh tionchar acu air. Bhéarfar suntas ar leith do shaothar amháin acu sin, ceann a d’fheidhmigh mar mhúnla do Mháire agus é i mbun cumadóireachta. Faoi dheireadh, bhéarfar breithmheas tomhaiste ar an amhrán idir fhocail is cheol agus míneofar fosta an ráchairt atá ar an amhrán i gcónaí.

In alt a d’fhoilsigh mé i 1994, phléigh mé dhá cheann d’amhráin Mháire agus an úsáid a bhain sé astu ina chuid scríbhneoireachta próis, mar atá an t-amhrán ‘Cianach Corrach’, nó ‘Thiar Chois Toinne’, ar chuir sé an fonn ‘Jimí Mo Mhíle Stór’ leis, agus amhrán eile dar teideal ‘An é nach Cumhan leat an Oíche?’”, ar úsáid Máire an fonn ‘Spailpín a Rún’ dó (Ó Laoire 1994). Chum Máire ‘Ba loinnireach grian an tráthnóna’ ar fhonn de chuid Thomas Moore ‘Has Sorrow Thy Young Days Shaded,’ agus chum sé an t-amhrán imirce ‘Méilte Cheann Dubhrann’ ar fhonn an amhráin ‘The Blue Hills of Antrim’ fosta. Tá scéal ríofa aige in *Rann na Feirste* faoi Chormac John ‘Ac Gairbheá as Rann na Feirste a d’imigh go Meiriceá, agus faoi Dhonnchadh, mac a dhearthára, Aodh-, a chuaigh ar cuairt chuige blianta ina dhiaidh sin amuigh in San Francisco (1941: 144-146). Scéal coscrach é agus cé nach luaitear an t-amhrán leis sa leabhar féin, d’inis Conall Ó Domhnaill (ainm.ie) dom tráth gurbh é Cormac John a bhí ina intinn ag Máire nuair a chum sé na focail sin a chuir sé leis an fhonn ‘The Blue Hills of Antrim’.

Bhí Máire ar maos sa cheol agus dúil ar leith aige ann, agus bhí údarás ar leith aige i saol na Gaeilge i gcúrsaí ceoil dá réir sin (Mac Congáil, 1990: 80). Is féidir tuairim a fháil den tsaibhreas seanchais agus amhrán a bhí ag muintir Ghrianna trí staidéar a dhéanamh ar chuid leabhar Mháire. Cuirim i gcás, feictear in *Mo Dhá Róisín* go raibh gach aon chineál scéalaíochta, seanchais agus amhrán ag muintir Labhrais Óig, agus ní dóigh liom gur bréag ar bith é a mhaíomh gur ar a mhuintir féin atá an pictiúr a tharraingíonn Máire de na Baíollaigh bunaithe (Máire 2010: 9):

...lánúin iontach a bhí i Labhras Mhór agus ina mhnaoi. Bhí oiread Fiannaíochta aigesean agus nach mbeadh a dheireadh insithe trí lá de laetha na Féile Eoin, agus casadh seancheol Thír Chonaill uilig ar a teangaidh aicise.

-D’ainneoin go raibh an Fhiannaíocht agus an ceol Gaeilge ag dul as faisean sa Ghaeltacht ag casadh ~~an na~~ fichiú haoise, mar is léir ón dóigh a mbíodh an t-aos óg eile ag magadh faoi Labhras Óg (*ibid.* 33), thug teacht na Coláiste go dtí an Ghaeltacht athshaol agus athghradam

don chultúr Ghaelach go pointe, cultúr a bhí faoi bhrú mór ag an Bhéarla de bharr na himirce agus na hiarmhairtí a lean de (Mac Congáil 2006).ⁱⁱ

Filí ceoil a bhí ina mhuintir roimhe ar thaobh a mháthara, Máire Sheimisín, nó Máire Eibhlín Néillín. Ba iad seo Dálaigh Rann na Feirste ar chuir Seosamh síos orthu ina leabhar *Filí gan Iomrádh* (Mac Grianna 1924), faoina gcuid cumadóireachta agus a gcuid coimhlintí ag comhrac an ochtú agus an naoú haois déag. Bhí mórtas ar leith ar Mháire as a shinsir ar thaobh a mháthara, rud is léir ón amhrán ‘Abhrán Phádraig Shéamuis,’ a thug sé do Shéamus Ó Searcaigh le cur i gcló [in](#)sa leabhar [siúd](#) *Cloich Cheann Fhaolaidh* (1911, 65-67.). Dar ndóigh, insíonn sé scéal na nDálach arís go gonta sa leabhar *Rann na Feirste* agus béim faoi leith aige ar scéal Phádraig Shéamuis, an fear óg a báitheadh sa chainéal agus é ag pilleadh as an Bhun Bheag le lasta braiche a dhéanamh poitín i mí Lúnasa 1811 (1943?; 78-82). Lena chois sin, file ceoil a bhí ina dheartháir féin, Seán Bán Mac Grianna, a bhíodh ag síorchumadóireacht agus a bhfuil inniu níos mó ná fiche dá chuid amhrán i gcló (Ó Searcaigh 1976). Tá roinnt mhaith acu taifeadta fosta ag ceoltóirí gairmiúla an cheantair agus a gcáil scaipthe ar fud an domhain.

Ó tharla gur mar sin a bhí, ní haon iontas gur ag Seán Bán a bhí an chraobh i dtaca le cumadh na n-amhrán de, agus is air go minic is mó a dhéantar trácht. Ach b’fhéidir go bhfuil amhrán amháin de chuid Mháire, an ceann is ábhar don alt seo, ar an amhrán is mó cáil ar fad dá dtáinig ó mhuintir Ghrianna lena linn. Is é sin an t-amhrán ‘Tráthnóna Beag Aréir’ (TBA feasta) nó ‘Thíos i Lár an Ghleanna’ lena ainmniú as a chéad líne, rud a dhéantar go minic. Is amhrán é atá go mór i mbéal an phobail ó cuireadh i gcló den chéad uair é i mí na Nollag, 1926 in *An tUltach*. Cuireadh i gcló go deireanach é sa leabhar gradamúil *A Historical Environmental and Cultural Atlas of County Donegal*, rud a léiríonn go samhlaítear go coitianta inniu gur cuid d’oidhreacht leanúnach Thír Chonaill atá i gceist leis (MacLaughlin [and](#), Beattie 2013; 448). Ní i dTír Chonaill amháin a chuirtear suim ann dar ndóigh, agus tá an t-amhrán le fada i mbéal Ghaeilgeoirí Chúige Uladh i sé chontae Thuaisceart Éireann, dream a tháinig ar an amhrán ar dtús agus iad ag freastal ar Choláiste Bhríde Rann na Feirste, agus a rinne a gcuid féin go hiomlán de ina dhiaidh sin. Bhí leithéidí Shéamais Uí Mhealláin, mar shampla, Gaeilgeoir cumasach, ildánach as Béal Feirste agus múinteoir damhsa i gcoláistí Gaeilge Thír Chonaill, gníomhach ag scaipeadh an amhráin. Sa chuntas dialainne atá againn ó Sheán Ó hEochaidh, ar chuairt a thug sé- ar an tseanchaí Séamus ‘Ac Eiteagáin (Jimí Neilí) i nGleann Iartharach, i bparóiste Ros Goill, i nDún na nGall, i mí Eanáir 1940, insíonn Seán dúinn gur dhúirt an Meallánach an t-amhrán do sheanlánúin an tí (CBÉ: 727, 56). Níl an chuma air go

raibh an t-amhrán úr i gcluasa Sheáin, rud a léiríonn go raibh eolas measartha maith aige air. Is iad na chéad taifeadtaí fuaime a mhaireann den amhrán, na cinn a thóg Raidió Éireann i Rann na Feirste ó Chonall Ó Domhnaill agus ó Aodh Ó Duibheannaigh sa bhliain 1950, cúig bliana fichead i ndiaidh a chumtha.ⁱⁱⁱ Tá cáil faoi leith ar leagan Albert Fry (2008), de bharr bhinneas gutha an cheoltóra agus an tionlacan suaithní giotáir atá aige leis an amhrán a chuireann barr maise air. –Is léir mar sin go raibh baint mhór ag an Choláiste agus ag gníomhaíocht chultúrtha na Coláiste le scaipeadh agus le buanú an amhráin i samhlaíocht mhuintir na hÉireann. Amhrán é a chluinfi go minic ag Gaeilgeoirí taobh amuigh de Chúige Uladh fosta. Luaigh an scríbhneoir cáiliúil Nuala O’Faolain (1940-2008) gur chuir an t-amhrán gach a raibh ag dul trína hintinn faoina saol i gcomhthéacs, agus í ag iarraidh déileáil leis an scéin a bhí uirthi nuair a fuair sí amach go tobann go raibh ailse uirthi. In agallamh a rinne sí ar RTÉ Raidió a hAon, le Marian Finucane, sé seachtaine sular sciob an bás í, mhínigh sí an tábhacht a bhí leis an amhrán seo di. Dar léi gur chuir focail an amhráin in iúl go beacht an bealach a raibh sí ag santú na beatha agus nach bhféadfaí an bheatha sin a fháil ar ais. Luaigh sí go háirithe na focail ‘A Dhia na Glóire Gile, tabhair ar ais an oíche aréir.’ Dar léi gur leag na focail chéanna sin méar ar a cruachás, is é sin, go raibh a ham ar an saol seo chóir a bheith istigh agus gan ar a haird ach dúil san am a bhí caite agus dóchas (nach dtiocfadh i gcrích) go leanfadh an saol tamall eile. De bharr thobainne an drochscéala a fuair sí ní thiocfadh léi ciall a bhaint as agus ba é an t-amhrán a thug deis di an tubaiste a phróiseáil ar bhealach inteacht (Finucane [and](#) O’Faolain 13-4-2008).^{iv}

D’fhreastail Nuala ar Chlochar Lughaidh i Muineachán, Scoil ‘A’, a bhí ag múineadh trí Ghaeilge san am. Mar sin féin, is trína cairdeas le Seán Mac Réamoinn agus trína freastal ar Scoileanna Samhraidh Chumann Merriman a fuair Nuala atheolas ar an Ghaeilge, agus ar chultúr na Gaeilge, mar dhuine fásta a d’fhill ar Éirinn i ndiaidh di tamall maith a chaitheamh mar imirceach thar lear (O’Faolain 2008 [1996], 163-166; O’Faolain, 2003, 236). Chuir gabháil amhráin mhóra na Gaeilge mar a dhéantaí ag ócáidí oifigiúla agus sóisialta aoibhneas agus gliondar uirthi, ó tharla nár cheangail sí an Ghaeilge agus an caitheamh aimsire dá chéile roimhe sin. Ach thar aon amhrán eile, is cosúil gur sheas ‘Tráthnóna Beag Aréir’ amach di agus gur thug sé focail di lena cás a mhíniú lá ab fhaide anonn.

Scéal suimiúil é an dáimh sin a rinne Nuala O’Faolain leis an amhrán seo, agus léiríonn sé, dar liom, an dóigh ina leanann beatha an amhráin ar bhealach tábhachtach i measc grúpa áirithe de phobal na hÉireann. Daoine iad seo a mbeadh bá acu le cúrsaí Gaeilge, ainneoin go mb’fhéidir nach mbeadh siad féin iomlán líofa sa teanga. –Díol suime a bheadh ann cíoradh a

dhéanamh ar an bheatha sin agus ar na cúiseanna a bhfuil tábhacht leis an amhrán i gcónaí. Ach fágfaidh mé sin i leataobh anseo agus spíonfaidh mé an t-amhrán féin agus an dóigh ar cumadh- é agus na míreanna éagsúla a chuir Máire i gceann a chéile lena chumadh. Sa dóigh sin, dar liom, tuigfear níos fearr cad chuige ar bheir sé greim chomh láidir sin ar shamhlaíocht O'Faolain, agus ar shamhlaíocht daoine eile nach i.

Is annamh a thig aon saothar ealaíne chun tosaigh as féin i bhfolús. Níos minice ná a mhalairt, is féidir tionchair agus análacha éagsúla a shonrú air, agus ní heisceacht é 'TBA' sa chás seo. Go deimhin, is féidir a mhaíomh gur déantús é a bhfuil lorg saothair eile le sonrú go láidir air. D'fhéadfaí fiú a mhaíomh gur aistriúchán é, agus ba doiligh an méid sin a shéanadh. Is é firinne an scéil gur bunaíodh an t-amhrán 'TBA' ar an amhrán 'The Heather Glen' (HG), amhrán a chum an tírghráthóir cáiliúil George Sigerson (1836-1925) (ainm.ie). Ach oiread le Máire, ní ar a chuid cumadóireachta is mó a mhaireann clú Mhic Shigir. Is ar a phatrúnacht ar chomórtas ar chuir sé tús leis, Corn Mhic Shigir, an Sigerson Cup, is mó atá eolas air inniu i gcúrsaí ollscolaíochta. Sa bhliain 1911, chuir sé suas Corn leis an pheil gGhaelach a spreagadh mar spórt i gcoláistí Ollscoil na hÉireann, agus tá rath ar an chomórtas sin i gcónaí. Ach b'fhear ildánach é Sigerson, de bhunadh Thír Eoghain. Dochtúir leighis a bhí ann a hoileadh sa Fhrainc, a d'fhoghlaim Gaeilge ar theacht abhaile dó agus a raibh baint mhór aige le cúrsaí litríochta óna óige i leith. D'fhoilsigh sé a leabhar deireanach go díreach trí bliana roimh a bhás. Ba é a rinne na haistriúcháin Bhéarla don dara heagrán (1860) den leabhar siolaitheach sin, *The Poets and Poetry of Munster*, a thionsaigh Seán Ó Dálaigh ar dtús in 1849 (Breathnach agus Ní Mhurchú). Rinneadh ball de Sheanad Éireann de sa bhliain 1922, agus de réir óráide a thug a chara Dúghlas de hÍde san fhóram sin an lá a fuair sé bás ar 18 Feabhra 1925, léirigh sé an ilghnéitheacht a bhain le saothar an Dr. Sigerson:

A Chathaoirligh, ní fhéadaim gan focal nó d[h]ó do rádh i dtaoibh ár gcarad, seanghaisgidheach na h-Éireann, atá, faraoir! anois ar lár, ins an teangaídh sin ba bhinn leis féin. Ba stairidhe, ba fhile, ba fhear ealadhna, ba fhear-státa é, a raibh a chlú go fóir-leathan ar fud na tíre seo; agus thar lear mar an gcéadna. Do bhí aithne agam ar mo shean-charaid ar feadh dhachad bliadhan, agus cara do b'fhearr ná é ní raibh ag éinne riamh. Gach Gaedheal d'fhulaing ar son na hÉireann né no [sic]rinne obair mhaith ar son na h-Éireann, bhí teach agus díon agus baile eile aige i dtigh Dochtúir Mac Sigir. Agus níl fhios ag éinne againn cia mhéid oibre rinne sé nach bhfuil clóbhuaile. Chualaidh mé ó n-a bhéal féin dánta chomh maith le h-aon dán do chlóbhuaile sé agus, mar shaoil mise, níos fearr ná iad, agus ní fhacaidh na dánta sin an solus riamh. Go mbadh éadtrom an chréafóg ar ár sean-charaid, seanleomhan na tíre agus seanghaisgidheach na h-Éireann, an Dochtúir Mac Sigir! (

<http://www.oireachtas-debates.gov.ie/S/0004/S.0004.192502180002.html> 26 Aibreán 2014.

Comment [m2]: D'fhéadfaí an t-eolas seo faoin Sigerson Cup a chur i bhfonóta, nó tá athrá ag bun an lgh seo faoi gur Sigerson a chum HG. Nó an sliocht fada faoi Sigerson Cup, etc a fhágáil as?

Comment [m3]: Tagirt míshoiléir

Formatted: English (Ireland)

Comment [m4]: Féach comment m4 thuas.

Comment [ISS5]: Níl an nasc seo ag obair – an bhféadfaí é a dheimhniú le do thoil?

Field Code Changed

~~Ar cheann de na hamhráin iomadúla a chum Mac Sigidhán 'The Heather Glen' (HG), an ceann a bhí mar mhúla ag Máire agus é ag cur 'TBA' i geionn a chéile.~~ Amhrán grá i mbéal fir atá i gceist leis. Is fiú an téacs a thabhairt anseo mar phointe tosaigh leis an scrúdú (~~Graves~~):

There blooms a bonny flower, up the Heather Glen
Though bright in sun and shower, tis just as bright again
I never can pass by it, I never dare go nigh it
My heart it won't be quiet up the Heather Glen

Chorus:

Sing o the Blooming Heather, o the Heather Glen
Where fairest fairies gather to lure in mortal men
I never can pass by it I never dare go nigh it
My heart it won't be quiet up the Heather Glen.

There sings a bonnie linnet up the Heather Glen
The voice has magic in it too sweet for mortal men
It brings joy doon before us wi' winsome mellow chorus
But flies far too far o'er us up the Heather Glen.
Sing O! The Blooming Heather etc.

O might I pull the flower that's blooming in that glen
No sorrows that could lower would make me sad again
And might I catch that linnet my heart, my hope are in it
O Heaven itself I'd win it up the Heather Glen!
Sing O the Blooming Heather etc.^v

Sula ndéana mé comparáid idir an t-amhrán seo agus 'TBA', is fiú scrúdú a dhéanamh ar an téacs féin. Baintear úsáid as móitífeanna a bhí coitianta i *lingua franca* na n-amhrán grá ar fud na hEorpa. Siombail den phearsa a bhfuil an reacaire i ngrá léi atá sa bhláth álainn agus den éan – an ghleoiseach, nó an gealbhan lín a luaitear. Cé nach luaitear aon inscne, ní shamhlófaí fear le bláth ná go deimhin le héan beag spéire de ghnáth. Cuireann sé sin in iúl gur fear é an reacaire agus gur bean atá sa té a bhfuil sé ag maíomh fúithi go bhfuil draíocht osnádúrtha sí aici a chroí a chur ag preabarnaigh. Ina dhiaidh sin, is amhrán é a bhfuil an dóchas in uachtar ann mar a chuirtear in iúl go soiléir sa véarsa dheireanach. Níl deireadh le mian an reacaire mar go bhfuil dúil aige go rachaidh aige an leannán a mhealladh go fóill. Is ionann an bhean a bhuachan agus a bheith sna Flaithis, agus tá misneach áirithe aige go n-éireoidh leis an sprioc sin a chomhlíonadh. Is fiú an blas Albanach atá ar an Bhéarla ag Sigerson a thabhairt faoi deara fosta. Dar ndóigh, b'Ultach é Sigerson agus ba Phrotastúnach a mháthair, Nancy Neilson, a raibh gaol aici leis an Éireannach Aontaithe, Samuel Neilson (Breathnach agus ~~se~~ Ní Mhurchú, [s.v.](#) Sigerson).-Tógadh é ar an tSraith Bán agus chaith sé tamall ar scoil i Leitir

Ceanainn. Bheadh cur amach aige mar sin ar an Bhéarla Albanach arb é gnáthchaint an cheantair sin é go dtí an lá inniu féin. Fágann an casadh Albanach agus na tagairtí don tslua sí blas ré Victoria ar an amhrán, dar liom. Dar ndóigh, bhí suim mhór ag lucht liteartha ré Victoria i gcreideamh sí na ndaoine, ach bhí claonadh acu rómánsú a dhéanamh ar an chreideamh sin – neacha séimhe gan choir a dhéanamh den tslua sí ina saothar. Bhí a leithéid de thuigbheáil glan in aghaidh an bhunús a bhí leis na neacha céanna i measc na ndaoine. Bhí Albain go mór i gceist i ré Victoria fosta ó tharla go raibh nós ag an rítheaghlach cuid den tsamhradh a chaitheamh in Albain. Chuir an méid sin casadh rómánsúil ar chultúr na hAlban fosta. Cuireann an rómánsú céanna blas beagán saorga ar théacs an amhráin, measaim. Tá blas soineanta dearfach le tabhairt faoi deara air fosta.

Is fiú an spíonadh seo a dhéanamh ar an amhrán as féin ar dtús ar an ábhar go siolraíonn ‘TBA’ uaidh agus go bhfuil gaol chomh gar sin ag an dá amhrán le chéile. Is léir an gaol sin láithreach bonn gan ach ~~fé~~-spléachadh gairid a thabhairt ar ‘HG’. Ach b’fhéidir ~~arís~~ gur fearr amharc ar ‘TBA’ go neamhspleách as ~~a stuaim~~-féin sula dtéitear a dhéanamh na comparáide. Seo an téacs mar a cuireadh i gcló in *An tUltach*, ~~mi na~~ Nollaig 1926, 6.

(Tuigtear go bhfuil aithris déanta ag Máire ar go leor de phátrún frásaíochta an bhunamhráin.) (~~Máire: 1926, 6~~)

An Oidhch’ Aréir

Fonn: “The Heather Glen”

I

Thuas^{vi} i lár a’ ghleanna
Tráthnóna beag aréir,
‘Gus an drúcht ‘na dheora geala
‘Na luí ar bharr an fhéir,
Sé’ casadh domhsa an ainnir
A b’áilne gnúis is pearsa,
Sí ‘sheol mo stuaim chun seachráin
Tráthnóna beag aréir.

II

‘S a Rí nár laghach ár n-ealadhain
A’ gabháil síos an gleann aréir,
Ag éalódh fríd an chanach
Agus ciúnas insa spéir.
‘Orú ‘rún mo chléibh nár mhlis
Ar súgradh croí is nár ghairid –
‘S a Rí na Glóire gile,
Tabhair ar ais an oíche aréir.

III

Do chiabh-fholt fáinneach frasach,

Comment [m6]: Bhfuil na figiúirí rómhanacha seo mar ba mhaith leis an údar?

Do mhailidh bhán do dhéad,
Do chaol-chom álainn maiseach
Agus glórthaí caoin do bhéil!
Do bhrágha mar chluimh na h-eala
Do shúil mar réalt na maidne –
Agus faraor gur dhual dúinn scaradh
Tráthnóna beag aréir.
'S a Rí nár lághach ár n-ealadhain 7rl.

IVH

Dá bhfaghainnse 'rís cead pilleadh
Agus labhairt le stór mo chléibh,
Nó dá bhfaghainnse buaidh ar cheineamhaint
Cár mhiste liom fá'n tsaoghal?
Shiubhailfainn leat fríd chanach
'S fríd mhéilt' ar chiumhais na mara,
Agus dúithche Dé dá gcaillfinn
Go bpógfainnse do bhéal
'S a Rí nár lághach ár n-ealadhain^{vii} 7rl.

Amhrán grá é seo, grá atá críochnaithe agus nach dtiocfaidh arís. Tá deireadh dúile bainte ag an reaire ~~deas~~ an chumann. Cumann gearr a bhí ann, a bhí gonta, dian, ach a bhí séimh, cuirtéiseach, muinteartha fosta. Láimhsítear an teannas idir an t-earótachas agus caoine na bhfocal ar bhealach fíoréifeachtach, rud a thugann neart faoi leith don téacs. Tá tábhacht le focail an dara véarsa, an ceann a fheidhmíonn mar churfá sa chás seo. Is féidir athbhríonna go leor a léamh as na focail 'ealaín' agus 'súgradh' – focail a bhfuil fobhríonna gnéasúla leo. Ach de bharr go luíonn siad in aice le focail eile 'canach' 'milis' agus 'gile' baintear aon ghóimh nó aon choir a shamhlófaí leo astu. Coinnítear an chóimheá go daingean ionas go seachnaítear aon imir den gháirsiúlacht ná den ghraostacht, d'ainneoin go bhféadfaí na tuiscentí sin a bhaint go réidh as focail ar nós 'ealaín' agus 'súgradh.' Tá uaisleacht agus cúirtéis fosta sa chur síos ar thréithe an leannáin sa dara véarsa cé go bhfuil an imir éarótach i gceist leis ar fad. Luaitear an folt fáinneach frasach, an mhala agus an déad. Luaitear an 'com' agus an 'béal', an 'tsúil' agus an 'bhráid,' go béasach cinnte, ach cuirtear in iúl san am chéanna go raibh mealladh agus tarraingt sna baill seo. Agus í ag tarraingt as traidisiún na Fraince, léiríonn Grace Neville (1993: 13) gurb ionann tagairt don eala i bhfilíocht ghrá na mean-~~a~~oiseanna sa tír sin agus (13):

Ní gá a rá gur siombail í an eala ar bháine, ar áilleacht, ar ghrástúlacht agus fiú amháin ar an dílseacht, deirtear nach mbíonn ach céile amháin ag an eala ina saol ar fad.

Ach deir sí fosta gur siombail í an eala i bhfilíocht na Fraince den nochtacht, agus go mbíonn an nochtacht sin ceadaithe. ~~De réir sleachta Dar le sliocht~~ ó ~~shaothar~~ Bachelard a dtugann

Neville athfhriotal air ina halt, ‘bítear dúilmhear i gcónaí in íomhá na heala” ([ibid. 43](#)). Mar sin, tá an dúil thréan i gceist ach í ar ghreim teann éille ag an ~~ch~~^uirtéis.

Má cumadh ‘HG’ i múnla na n-amhrán tíre agus snáithe de rómánsaíocht ré Victoria ina rith tríd, téann TBA i muinín thraidisiún saibhir na n-amhrán grá sa Ghaeilge agus, go deimhin, na nDánta Grádha bonn ar aon leo. Tá macallaí go leor san amhrán de na Dánta Grádha, agus is d’aon ghnó a cuireadh ann iad. Is dócha gurb é an ceann is luaithe a rithfeadh le haon léitheoir a mbeadh cur amach aige ar na hamhráin, ‘Caisleán Uí Néill’ a thosaíonn, ‘Céad slán don oích’ aréir, ~~s~~^s é mo léan gear gan mé anocht ina tús’ (Ó Concheanainn, 1978, 25) — smaoineamh atá i bhfostú go daingean in ‘TBA’. Tá ceangal idir sin, dar ndóigh, agus an dán grá cáiliúil ‘Soraidh slán don oidhche aréir’ a gcuirtear dáta den seachtú haois déag leis, agus a leagtar ar an fhile Albanach Niall Mór Mac Muireadhaigh (Ó Rathile, 2008 [1925], 51). Léirítear eolas Uí Grianna ar na Dánta Grádha ina leabhar *Cith is Dealán*. Is féidir a mhaíomh go bhfuil macalla sa teideal féin de dhán grá 84, ‘Seachnaidh súil ní nách faiceann’ (Ó Rathile, 111). An rann a thugann an teideal don chnuasach gearrscéalta sin, agus a luaitear i dtús an leabhair, tá leagan malartach de le fáil mar chéad véarsa an dáin seo. Is fiú comparáid a dhéanamh eatarthu:

<i>Cith is Dealán</i>	‘Dán Grá dha ^{dha} 84’
Samhailt a bheirim don tsaol	Seachnaidh súil ní nách faiceann
Spéir thaodach lá earraigh	Ní mhaireann grá do bhunadh,
‘S go dtig toil agus neamhthoil	‘s go dtig toil is neamhthoil
Mar thig cith is dealán	Mar thig fearthain is turadh.

Tá teideal an scéil ‘An Bhean nach gcuirfeadh cloch i mo leacht’, tógtha díreach as ~~Deán~~^G~~Grádha~~^{rádha} 18 (Ó Rathile 2008 [1925], 25), dán a chuir de hÍde i gcló in *Abhráin Grádh Chúige Chonnacht* (Hyde, 1985 [1893], 134).^{viii} Chuaigh léiriú an ábhair sna dánta agus sna hamhráin féin i bhfeidhm ar Mháire mar scríbhneoir a raibh spéis leanúnach aige sa ghrá mar théama. Is minic a bhain sé leas as a leagan féin den tseanfocal a thosaíonn Dán Grádha 84 thuas, mar shampla, ina chuid scéalta: ‘Seachnaidh súil ní nach bhfeiceann’ (Ó Corráin 1989, 317). D’aimsigh Ó Corráin naoi dtagairt don tseanfocal sin i saothar Mháire. Tá cosúlachtaí le feiceáil fosta leis an amhrán ‘Dónall Óg’ san áit a ndeir an reacaire mná ‘bhain tú Dia díom’ i gceann de na ceathrúna is cáiliúla (de Brún, ~~et al.~~^{et al.} ~~Ó Buachalla, Ó Concheanainn,~~^{Ó Buachalla, Ó Concheanainn,} 1971, 74).

Ach tá an reacaire fir in ‘TBA’ sásta na Flaithis a chaitheamh ar leataobh ach fáil a bheith aige arís ar na móimintí gearra, gonta, aoibhne sin a chaith sé lena rúnsearc an oíche roimhe sin.

Le comparáid a dhéanamh idir an dá théacs mar sin, is léir gur chuir amhrán Sigerson comaoin mhór ar cheann Máire. Admhaíonn Máire féin an méid sin sa mhéid is go ndeir sé sa leagan a chuir sé i gcló gurbh ionann fonn don dá amhrán. Chomh maith leis sin, tá macallaí sa dá théacs a thrasnaíonn cláí na teanga. Tá ‘thuas i lár an ghleanna’ faoi thionchar ‘up the heather glen’ go cinnte, mar atá an dóigh a ndéantar athrá ar an fhrása ‘tráthnóna beag aréir.’ Ach má tá féin, measaim gur éifeachtaí go mór an téacs a sholáthair Máire. Go deimhin, measaim nach áibhéil ar bith a rá go raibh rún ag Máire feabhas a chur ar théacs agus ar dhéantús iomlán Sigerson, agus dul ceart na Gaeilge a chur i bhfeidhm air. Ba mhinic Máire ag cur de faoi dhaoine nár thuig an traidisiún i gceart agus is é féin a dúirt gur iarrachtaí bacacha a bhí sna píosaí a chum Thomas Moore, amhráin a bhain clú agus cáil amach don Mhórdhach agus d’Éirinn ar fud an domhain sa naoú haois déag. Ach dar le Máire nach raibh iontu ach ‘an Chúileann ag siúl le croisín’ (Ó Grianna 1981: 175). Agus é ag cumadh a phíosa féin mar sin, bhí Máire ag múineadh ceachta do phobal na Gaeilge, ach oiread is dá mbeadh sé ag rá, ‘dá mbeinnse ag dul ina cheann is mar seo a dhéanfainn é.’ Thug an léamh a bhí déanta ag Máire ar litríocht na Gaeilge misneach dó as a chumas féin mar chainteoir ardliófa dúchais Gaeilge a bhí ábalta i a léamh gan deacracht, mar litríocht, gan a bheith ag streachailt le gramadach agus le gluaiseanna mar a bheadh an té a bheadh ag foghlaim na teanga.

Tá difríochtaí i méin an amhráin chomh maith. [Ar láimh amháin, m](#)Más dóchas atá i gceist in amhrán Sigerson, is é sin go bhfuil tuaileas éigin ag an reacaire go n-éireoidh leis [an](#) ghrá geal a mhealladh go fóill, ní léir go raibh aon chaidreamh eatarthu go fóill. Tá an reacaire faoi gheasa cinnte agus cuirtear é sin in iúl go hoscailte, agus méadaítear air sin leis na tagairtí do na [síoga](#). In TBA, ar an láimh eile, tá an cumann thart. Bhí caidreamh idir an bheirt agus aréir féin a thit na himeachtaí eatarthu amach. Tugtar le tuigbheáil nach mbeidh a leithéid de choinne arís ann, gur teagmháil aon uaire a bhí i gceist, nach féidir a thabhairt in éifeacht arís. Is difríocht é sin ar bhealach idir an ‘*chanson d’amour*’ mar a dhéanann Seán Ó Tuama cur síos air (1960: 104-148). In amhrán an óigfhir is rud uasal é an grá agus san am chéanna is galar é. Beidh an leannán slán má éiríonn leis caidreamh de chineál ar bith a bheith aige lena ghrá. De ghnáth, tabharfaidh aon phóg amháin slán é. Tá an tagairt don drúcht ag cur go maith leis an débhrí a shamhlaítear leis an fhocal seo in amhrán grá an óigfhir. Mar a deir Ó Tuama, ‘buailfir leis an bhfocal ‘drúcht’ go mionminic in amhráin ghrá na Gaeilge, agus is deacair a rá uaireanta an go neamhurchóideach ar fad a húsáidtear é nó an mbíonn an bhrí mheafarach le

tuisceant as' ([Ó Tuama 1960](#): 148). Mar atá mínithe agam tá an débhrí sin i gceist in TBA d'aon turas agus tá an éiginnteacht dhoiléir sin ar cheann dá bhuanna móra. **Ar an lámh eile,** thiofai a rá gur cosúla TBA leis an *chanson de jeune fille*, amhrán an chailín óig, is é sin go bhfuil an caidreamh i ndiaidh titim amach agus go bhfuil i ndán don bheirt a bheith scartha. Tá an 'léiriú fórsúil ar mhianta paiseanta' ann, ach gurb é an fear atá á gcur in iúl seachas an bhean (Nic Eoin 2000: 235). Is é mian an athaontaithe leis an leannán agus an tuiscint nach bhfuil sé sin le tarlú a thugann an teannas sásúil drámatúil don amhrán. Ainneoin go mbíonn inscne na bpearsan sna hamhráin sin uaireanta deacair go maith a aithint, agus uaireanta go n-athraíonn inscní agus pearsana ó cheathrú go ceathrú ar bhealaí a chuirfeadh mearbhall ar an léitheoir nó ar an éisteoir is faichillí, de ghnáth samhlaítear gurb í an cailín a thréigear sna hamhráin agus gurb é sin ábhar a caointe. Níl aon cheist ach gur fear atá i gceist leis an reacaire anseo agus gurb é siúd ar mhaith leis teagmháil a dhéanamh leis an bhean uasal athuair. Léiríonn na tréithe seo cosúlachtaí idir TBA agus an *reverdie* chomh maith. Tráthnóna atá i gceist dar ndóigh, clapscholas, an thréimhse idir eatarthu sin a luaitear go minic in aislingí grá agus polaitiúla na Gaeilge ([Ó Tuama 1960](#): 174-202). Dar ndóigh tá an t-amhrán ar maos in atmaisféar rúndiamhrach, leathrúnda an ghrá faoi cheilt agus baintear úsáid thar a bheith éifeachtach as na tróip agus as na coinbhinsiúin ann.

Comment [PC7]: Cá bhfuil "Ar lámh amháin"?

Sa chás sin, is fiú comórtas a dhéanamh idir an osnádúrtacht sa dá amhrán fosta. Is iad na tagairtí don tslua sí a léiríonn an osnádúrtacht in HG, agus, mar atá ráite agam, tá blas na rómánsaíochta ar na tagairtí sin. Baintear d'éifeacht mhothálach an amhráin dá dhíobháil sin, dar liom. In TBA, ní luaitear an slua sí beag ná mór agus ba mhaith an mhaise do Mháire é an cinneadh a rinne sé iad a fhágáil ar lár. Mura bhfuil aon tagairt dhíreach don alltar ina amhrán, mar sin féin, tá atmaisféar an téacs ar maos ann. Ón chéad line, tuigimid go bhfuil an t-amhrán suite idir dhá thréimhse ama (tráthnóna beag nó clapscholas) agus gurb é mian an reacaire a bheith aontaithe lena leannán i suíomh imeallach fosta (ar chiumhais na mara) — idir an talamh agus an fharraige. Tá atmaisféar an *reverdie* i gceist anseo, tráthnóna mall a chastar an bhean óg álainn ar an fhile, mar atá ar eolas go maith. Mar a luaigh mé thuas tá gaol ag an *reverdie* leis an aisling pholaitiúil agus go deimhin is achoimre bheacht é an cur síos a dhéantar ar áilleacht an chailín sa dara véarsa ar na tréithe a bhíonn i gceist san aisling. Tugtar faoi deara go n-athraíonn an t-amhrán ón tríú pearsa sa chéad véarsa go dtí an chéad phearsa iolra ag tús an churfá, agus an dara pearsa sa dara leath den churfá. Leanann an dara véarsa sa dara pearsa, agus táimid sa tríú pearsa arís ag tús véarsa a trí. Pilltear faoi dheireadh ar an dara pearsa agus ar chaint dhíreach leis an leannán ag deireadh an tríú véarsa.

D'fhéadfaí a mhaíomh, mar sin, nach bean shaolta atá i gceist agus bheadh bunús leis an tuairim sin. Tá cineál misteachais san amhrán agus is díol suntais an tagairt do 'réalt na maidne' — ceann d'ainmneacha an phláinéid Véineas, bandia Rómhánach an ghrá éarótaigh. Is as cúubha na trá a cruthaíodh Véineas chomh maith, agus tá leide againn de sin san amhrán fosta.

Dar le Colm Ó Baoill gur minic a léiríonn an t-athrú tobann sin go dtí an dara pearsa géarú ar mhothálacht an amhráin, agus thiocfaínn leis sa chás seo (1990: 377-392). Níl aon cheist ach go dtugann an mhalartacht ón tríú pearsa go dtí modh na hapastróife neart faoi leith dá bhfuil á chur in iúl. Tá an mhalartacht seo go mór i gceist sna hamhráin thraidisiúnta, mar a léiríonn Marie Whelton. Deir sí gur 'mar léargas ar phróiseas mothálach an chainteora seachas mar scéal leanúnach loighiciúil' a oibríonn amhráin den chineál. Ag tagairt d'úsáid na hapastróife in 'Dónall Óg' deir sí fosta (2008: 285-286):

...toisc go bhfuil teannas idir ábhar an amhráin (a dhearbhaíonn go bhfuil an leannán imithe) agus an fhoirm apastrófach (a ghlacann leis go bhfuil sé i ngiorracht dhialógach) tarraingítear aird ar leith ar iarracht an chainteora an leannán a athláithriú, trí mheán na hapastróife, agus cuireann iarracht chráite sin an chainteora (chun an t-asláithreachas a shárú) go mór le héifeacht mhothálach an amhráin.

Mar chomparáid luann Whelton 'Eibhlín a Rún', amhrán a chuirtear i mbéal an fhir, agus maíonn sí nach mbaineann an anbhuaín mhíshocair chéanna leis an amhrán sin, d'ainneoin na hapastróife a bheith lárnach ann. Iarracht atá san amhrán bean a mhealladh chun suirí. Ní hionann sin agus TBA mar atá ráite agam. Ní fhéadfaí a rá go bhfuil na tréithe sin féin i gceist le HG. Cé go bhfuil súil ag an reacaire ann go meallfaidh sé an cailín, níl oiread agus aon tagairt amháin san amhrán sa dara pearsa. Tá cianú níos cinnte déanta idir an reacaire agus an leannán nach gcuidíonn le léiriú na mothúchán ann. A mhalairt atá fíor faoi TBA. Sa neadú cinnte a rinne Máire ar a leagan Gaeilge féin de HG, rinne sé dúchasú iomlán ar an téacs (Venuti 1998, Dillon agus~~se~~ Ní Fhrighil 2008). Aithnítear mar sin na cosúlachtaí idir bunsaothar Sigerson agus athleagan Mháire láithreach, ach tá oiread eile curtha ag Máire leis na cnámha a fuair sé nach ionann beag ná mór spiorad ná anam an dá théacs. Tá éadroime agus gealgháire i gceist in HG ach tá cúrsaí tromchúiseacha an tsaoil i gceist in TBA. Baintear úsáid as tróip thraidisiúnta stíle na n-amhrán traidisiúnta ach tá difríochtaí idir láimhseáil Mháire ar na tróip seo agus an dóigh a gcuirtear in iúl iad sna múnlaí a raibh sé ag tarraingt orthu.

D'éirigh le Máire casadh úr a bhaint as an traidisiún ar bhealach caolchúiseach, bealach a léirigh gur duine nua-aimseartha a bhí ann féin a bhain leis an fhichiú haois. San úrscéal sraithe *Castar na Daoine ar a Chéile ach Ní Chastar na Cnoic is Na Sléibhte*,^{ix} (1915) is díol suntais nach gcaitear mórán ama sa Ghaeltacht ach ag tús an scéil (Mac Congáil 2002, O'Leary 1994: 448-452). Baineann an scéal le daoine óga uirbeacha a bhfuil oideachas orthu agus a bhíonn ag caibidil shaothar 'Carl Marcs' eatarthu féin. Téann siad thar lear go Meiriceá agus bíonn siad ag saothrú a mbeatha thall ansin. Go fiú agus gur ar bhlár an áir sa Fhrainc a phóstar an [lánúin péire leannán](#). -Níl pearsa Ghaeltachta ar bith i gceart luaite san úrscéal. In *Mo Dhá Róisín* (1921) a nochtann téama na Gaeltachta den chéad uair i gceart. Tá an teannas idir an t-aitheantas Gaeltachta agus aitheantas Ghaeilgeoirí na cathrach ar cheann de phríomhthéamaí an leabhair sin. Murab ionann agus *Castar na Daoine* ina bpóstar an lánúin ar a chéile ag deireadh an scéil, grá corrach éagmaiseach atá idir Róise Ní Chearbhaill agus Labhras Óg Ó Baoill. Fanann Róise dílis do Labhras i ndiaidh a bháis — ní phósann sí aon duine. Tháinig saoirse na hÉireann idir iad agus a mian a bheith pósta ar a chéile. Tig an saol idir Babaí Mháirtín agus Séimí in *Caisleáin Óir* (1924), an chéad úrscéal atá bunaithe go hiomlán ar shaol mhuintir na Gaeltachta amháin. Is léir gur téama é an grá éagmaiseach gan rath a chuaigh i bhfeidhm ar Mháire de réir mar a chuaigh sé féin anonn i mblianta, an fhoirmle stálaithe a lochtaíonn Titley. Más ceart géilleadh dá chuntas féin in *Saol Corrach*, d'fhulaing sé féin pianta an ghrá dhúilbhriste chomh maith le duine (1981: 101). Smaoinimid inniu air mar phearsa nach raibh ar thús agus ar dheireadh a scéil ach an Ghaeltacht agus seanchas agus béaloideas na Gaeltachta. Ach léiríonn na scríbhinní luatha taobh eile de agus dar liom ar bhealach gur féidir an dá thaobh sin a fheiceáil in TBA. Tá sé báite i seantraidisiún leanúnach na Gaeilge aniar ó na Dánta Grádha, ach tá an cor úr nuálach sin san amhrán aige fosta. D'éirigh leis freastal ar an dá thrá.

Ó tharla gur amhrán atá i gceist, agus go bhfuil oiread cáil ar cheol TBA agus atá ar na focail, ní miste beagán plé a dhéanamh ar an ghné sin fosta. Tá eolas leitheadach ar fhonn TBA go háirithe sa leagan a thaifead Albert Fry de (2008). Fonn an-bhinn, an-mheallacach é a bhréagann an chluas ar an chéad éisteacht. Tá cúiseanna ar leith leis sin. Fonn i scála bearnach atá i gceist. Ní úsáidtear an seachtú nóta den scála sa leagan seo, rud a chuireann béim ar mhódúlacht an amhráin. Tá an t-amhrán i rithim 3:4. Tosaíonn an fonn ar nóta ard agus titeann anuas an scála ina dhiaidh sin.

Tugtar 'An Smaichtín Crón' mar ainm mar an fhonn seo agus tá an leagan a gceoltar HG leis gaolmhar d'fhonn TBA fosta (Fleischmann 1998: 1211). Murab ionann agus TBA, buille 2:4

atá in HG. In áit tosú ar an nóta ard agus a theacht anuas an scála, tosaíonn HG íseal agus ardaíonn sé de réir a chéile. Tá an seachtú nóta sa scála i gceist go minic in HG rud a chuireann cinnteacht agus dearfach in iúl i modh ceoil, rud atá ag teacht lena ndúradh faoi éirim na bhfocal.

I dtaca le TBA, seift éifeachtach atá san íslíú ón nóta ard go dtí an nóta íseal chun déine mhothálach a chur in iúl agus éiríonn go maith leis an mheascán den cheol agus de na focail atmaisféar dúthrachtach mothálach a chur in iúl. Ní haon iontas é go mbaintear úsáid as an amhrán ag searmanais tórraimh go minic i nGaeltacht Thír Chonaill. Bhí mé i láthair ag tórramh an cheoltóra aitheanta Caitlín Ní Dhomhnaill as Rann na Feirste ó dhúchas i mí Iúil 2005 nuair a dúirt a comharsa, Gearóidín Breathnach, an t-amhrán mar chuid d'Aifreann an tórraimh. B'fhóirsteanach an dóigh é le hómós a thabhairt do bhean de chuid Rann na Feirste agus bean a chaith a saol féin ag cur na n-amhrán agus dúchas a baile chun cinn. Amhrán é TBA mar sin a bhfuil siombalachas thar an choitiantacht aige i dtaca le muintir Rann na Feirste agus le Gaeltacht Chúige Uladh de. Ach mar a léirigh Nuala O' Faolain, is amhrán é a bhfuil tarraingt uilíoch aige do mhórán daoine taobh amuigh de Chúige Uladh. Ní beag é mar éacht do Mháire lena théacs gairid sé líne dhéag atá i mbéal an phobail ar fad, ar bhealach, nach bhfuil bainte amach ag bunús a shaothair liteartha eile, dá thoirtiúla é.

Buíochas

Tá mé buíoch d'eagarthóirí an leabhair seo as an chomhairle a fuair mé a chuir feabhas ar an aiste seo agus do Sheanáin Mac Aoidh a léigh dréacht deireanach di agus a mhol leasuithe fóinteacha. Tá mé faoi chomaoin fosta ag an Dr. Méabh Ní Fhuartháin, Ionad Léann na hÉireann, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a phléigh ceist an cheoil liom agus a mhéadaigh mo thuiscint ina leith.

Formatted: English (Ireland)

Nótaí

ⁱ~~Tá mé buíoch d'eagarthóirí an leabhair seo as an chomhairle a fuair mé a chuir feabhas ar an aiste seo agus do Sheanáin Mac Aoidh a léigh dréacht deireanach di agus a mhol leasuithe fóinteacha. Tá mé faoi chomaoin fosta ag an Dr. Méabh Ní Fhuartháin Ionad Léann na hÉireann, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, a phléigh ceist an cheoil liom agus a mhéadaigh mo thuiscint ina leith.~~

ⁱⁱ Is furast dearmad a dhéanamh nach raibh Coláiste Bhríde ar bun nuair a foilsíodh *Mo Dhá Róisín*. Tá an scéal suite i 'gCeann Dubhrann', a nglactar leis gur Rann na Feirste atá i gceist. Ach is ar a chleachtadh ar Choláiste Uladh i nGort A' Choirce a bhí Máire ag tarraingt agus é ag scríobh an scéil seo. Ní bheadh Coláiste Bhríde ar bith ann go ceann sé bliana i ndiaidh MDR á fhoilsiú.

ⁱⁱⁱTá mé faoi chomaoin ag Ian Lee, RTÉ, as an eolas seo a chur chugam. Taifeadtaí a rinne Séamus Ennis agus Proinsias Ó Conluain i Rann na Feirste i 1950 atá i gceist.

^{iv} Cuireadh téacs an agallaimh i gcló ar an *Irish Independent* an lá dar gcionn. Seo athfhriotal ar chaint Nuala de réir mar a rinneadh tagairt dó ansin: “but I picked up little bits here and there about Ireland, largely at the Merriman Summer School, which is one of the great things in my life, a song I heard a few years ago ‘Thois I Lar an Glanna’ -- a kind of modern song sung by Albert Fry and other Donegal singers. And the last two lines are two things, asking God up there in the heavens, even though you don’t believe in him, to send you back even though you know it can’t happen. Those two things sum up where I am now.” (Crying). Foinse: <http://www.independent.ie/irish-news/nuala-o-faolain-interview-i-dont-want-more-time-as-soon-as-i-heard-i-was-going-to-die-the-goodness-went-from-life-26437188.html>. Ceadaiodh 15 Aibreán 2015. Níl an trascriobh iomlán cruinn agus tá easpaí air chomh maith.

^v Níor éirigh liom a theacht ar an leagan is luaithe de ‘The Heather Glen’. Is é an téacs atá anseo an ceann a chuir Graves (1928) i gcló ach is cinnte go raibh an t-amhrán i gcúrsaíocht i bhfad roimhe sin.

^{vi} ‘Thíos’ a bhíonn ag amhránaithe an lae inniu.

^{vii} Cuireadh an téacs i gcló in *Fáinne an Lae* (Samhain, 1928, 8) faoin teideal ‘Sa Ghleann Aréir’. Cé go bhfuil mionathruithe litrithe agus frásaíochta idir an dá théacs, níl a dhath mór is fiú a lua go sonrach eatarthu.

^{viii} Sa dán ‘An Searc ~~gá~~ Dhiúltughadh’: ~~‘Sí~~ mo shearc, ón ~~‘sí~~ mo shearc/An bhean nár fhág ionnam neart./ Bean nach leigfeadh mo dhiaigh och/ Bean nach gcuirfeadh liag am’ leacht.’

^{ix} Cuireadh an scéal i gcló ar dtús mar shraith ar *The Irish Weekly and Ulster Examiner* idir 24-7-1915 agus 18-12-15. Tá a shliocht ar an phlota, agus go leor athruithe tobanna atá nach mór dochreidte le slogadh ag an léitheoir.

Tagairtí

Breathnach, Diarmaid ~~agus~~ Ní Mhurchú, Máire www.ainm.ie. Suíomh Beathaisnéisí. ‘George Sigerson 1836-1925’. <http://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=42>. Léadh 1 Lúnasa 2014.

- www.ainm.ie. Suíomh Beathaisnéisí. ‘Séamus Ó Grianna.’ Léadh 1 Lúnasa 2014.

de Brún, Pádraig, Ó Buachalla, Breandán, Ó Concheanainn, Tomás. *Nua-Dhuanaire Cuid 1*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn, 1971.

de h-Íde, Dúghlas. Díospóireachtaí Oireachtais. <http://www.oireachtasdebates.gov.ie>. Ceadaiodh 26 Aibreán 2014.

Dillon, Charlie ~~agus~~ Ní Fhrighil, Ríona. *Aistriú Éireann*. Béal Feirste: Cló Ollscoil na Banríona, 2008.

Finucane, Marian ~~and~~ O’Faoláin, Nuala. *The Marian Finucane Show*. 13/4/2008, RTÉ Raidió 1.

Fleischmann, Aloys. *Sources of Irish Traditional Music 1600-1855*, [Hml. 1, & 2](#), Londain: Taylor [and Francis](#), 1998.

Fry, Albert. *Tráthnóna Beag Aréir* (CEFCD 193). Baile Átha Cliath, [Gael Linn](#), 2008, CD.

Graves, A.-P. *The Celtic Song Book: Folksongs of the Six Celtic Nations*. Londain: Ernest Benn, 1928.

Grosewski, Lydia. 'Ról na mban i saothar Shéamuis Uí Ghrianna.' *Comhar*. [Baile Átha Cliath: Johnswood Press](#), Meán Fómhair 2013. 17-19.

Hyde, Douglas. *Abhráin Grádh Chúige Connacht. Love Songs of Connacht*. Réamhrá le Mícheál Ó hAodha. Baile Átha Cliath: Irish Academic Press, 1987 [1893].

Mac Congáil, Nollaig. *Máire: Clár Saothair*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2000.

- "'Máire' agus an L.F.M." *Feasta*, [Hml. 54, Uimh. 9](#) (Meán Fómhair), 2001. 11-13.
- "Stair Na gColáistí Gaeilge agus Bunú Choláiste Uladh" in Seosamh Ó Ceallaigh (eag.), *Coláiste Uladh 1906- 2006*, (Coiste Cuimhneacháin Choláiste Uladh), 2006, 110-[140](#).

Mac Grianna, Seosamh. *Filí Gan Iomrádh*. Cló-Oifig Shéin Uí Mhata (An tUltach), 1926.

MacLaughlin, Jim [and](#) Beattie, Seán. *A Historical, Environmental and Cultural Atlas of County Donegal*. [Coreaigh](#): Cork UP, 2013.

Neville, Grace. "Les Images derrière les images: léamh Bachelardien ar na 'Dánta Grádha.'" *Oghma* 5, 1993. 11-18.

Nic Eoin, Máirín. "Scéal ar an nGrá": An smacht sóisialta sna hamhráin ghrá. *Saoi na hÉigse*. [Eag. B. Ó Conchúir, M. Ó Murchú, P. Riggs](#). Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 2000. 233-260.

- . *Trén bhFearann Breac: An Díláithriú Cultúrtha i Litríocht na Gaeilge*. Baile Átha Cliath: Cois Life. 2005.

Ó Concheanainn, Tomás. *Nua-Dhuanaire Cuid III*. Baile Átha Cliath: Institiúid Ard-Léinn. 1978.

Ó Corráin, Ailbhe. *A Concordance of Idiomatic Expressions in the Writings of Séamus Ó Grianna*. Béal Feirste: Institiúid an Léinn Éireannaigh, 1989.

O'Faolain, Nuala. *Are You Somebody? A Memoir*. Baile Átha Cliath: New Island, 2008 [1996].

O'Faolain, Nuala. *Almost There: The Onward Journey of a Dublin Woman*. Nua-Eabhrac: Riverhead Books, 2003.

Ó Grianna, Séamus. (Máire). *Castar na Daoine ar a Chéile ach ní chastar na Cnoic is na Sléibhte*. ~~Eag.~~ [Nollaig](#) Mac Congáil ~~Nollaig~~. Baile Átha Cliath: Coiscéim 2011.

Mo Dhá Róisín ~~Eag.~~ [Nollaig](#) Mac Congáil ~~Nollaig~~. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 2010 [1921].

Caisleáin Óir. Baile Átha Cliath: Cló Mercier, 1976 [1924].

Nuair a Bhí Mé Óg. Baile Átha Cliath: Cló Mercier, 1979 [1942].

Rann na Feirste. Baile Átha Cliath: An Press Náisiúnta, gan dáta (1943?).

Saol Corrach. Baile Átha Cliath: Cló Mercier, 1981 [1945].

Ó hEochaidh, Seán. *Cuntas Cín Lae = Cnuasach Béaloideas Éireann* [CBÉ], ls. ~~html~~ ~~eabhar~~ 727, 56, 1940.

O'Leary, Philip. *Irish Interior: Keeping Faith With the Past in Gaelic Prose 1940-51*. Baile Átha Cliath: UCD Press, 2010.

— *Writing Beyond the Revival: Facing the Future in Gaelic Prose, 1940-51*. Baile Átha Cliath, UCD Press, 2011.

Ó Laoire, Lillis. “‘An Chúileann ar a Seanléim’: Dhá Amhrán le Máire.” *Oghma* 6, 1995, 74-81.

Ó Rathile, Tomás. *Dánta Grádha. An Anthology of Irish Love Poetry 1350-1750*. ~~Coreaigh~~. Cló Ollscoile Chorcaí, 2008 [1926].

Ó Searcaigh Ioseph. (eag.). *Seághan Bán Mac Grianna: Seanchas agus Amhrán*. Rann na Feirste: Coláiste Bhríde, 1976.

Ó Searcaigh, Séamus. *Cloich Cheann Fhaolaidh agus Scéaltaí Eile*. Baile Átha Cliath: Gill ~~agus~~ [a](#) Mhac, 1911.

Ó Tuama, Seán. *An Grá in Amhráin na nDaoine*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1960.

Rowland, H., 'John B. Keane, Séamas Ó Grianna agus an LFM,' *Comhar*, [Samhain 74 \(H\)](#), 2014: 24-27.

Titely, Alan. *An tÚrscéal Gaeilge*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar, 1991.

Venuti Lawrence. *The Translator's Invisibility: A History of Translation*. Londain: Routledge, 1995.

Whelton, Marie. *Teagmháil agus Tnúthán: Staidéar ar an Apastróf i bhFilíocht na Nua-Ghaeilge*. An Daingean: An Sagart, 2008.